Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022**
**(OR. fr, en)**

**9520/22**

**SOC 314**
**EMPL 208**
**EDUC 193**
**ECOFIN 507**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus An Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030<br>– *Cur i láthair ó Chathaoirligh na gCoistí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030.

**An Coiste Fostaíochta**
**An Coiste um Chosaint Shóisialta**

# Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030

## Réamhrá

1. An 4 Márta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Theachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, inar leagadh amach gníomhaíochtaí nithiúla chun prionsabail an Cholúin a chur chun feidhme a thuilleadh trí iarracht chomhpháirteach ó na Ballstáit agus ón Aontas i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach. Moladh sa Phlean Gníomhaíochta, *inter alia*, trí phríomhsprioc de chuid an Aontais maidir le fostaíocht, foghlaim aosach agus laghdú na bochtaineachta atá le baint amach faoi dheireadh 2030: gur cheart go mbeadh 78 %, ar a laghad, den daonra (idir 20 agus 64 bliana d'aois) fostaithe; gur cheart go mbeadh 60 %, ar a laghad, de dhaoine fásta (idir 25-64 bliana d'aois) rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama gach bliain; gur cheart laghdú 15 mhilliún, ar a laghad, a chur ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (i gcomparáid le 2019). Iarradh freisin ar na Ballstáit a spriocanna náisiúnta féin a shainiú chun a straitéisí beartais a cheapadh agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an iarracht choiteann sin freisin.

2. Ba dhíol sásaimh príomhspriocanna an Aontais, mar a luaitear i nDearbhú Porto, do cheannairí an Aontais ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto an 7-8 Bealtaine 2021 agus ag an gComhairle Eorpach an 24-25 Meitheamh 2021. Beidh na spriocanna seo mar chuid lárnach den fhaireachán ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus mar chuid den chreat comhordúcháin beartais sa Seimeastar Eorpach. Le Gealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021, d'iarr Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Príomh-Aire na Portaingéile (an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais), ceannairí Chomhpháirtithe Sóisialta an Aontais agus an tArdán Sóisialta, ar na Ballstáit "spriocanna náisiúnta uaillmhianacha a leagan amach, arb ionann iad, agus aird chuí a thabhairt ar phointe tosaigh gach tíre, agus rannchuidiú leordhóthanach do bhaint amach na spriocanna Eorpacha".

3. Ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO i mí an Mheithimh 2021, chuir Uachtaránacht na Portaingéile i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé spriocanna náisiúnta a leagan amach a bheidh i gcomhréir le creat foriomlán an Aontais agus leis an uaillmhian chomhroinnte chun príomhspriocanna an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Le linn na díospóireachta, d'iarr an Coimisiún ar na hairí spriocanna náisiúnta a leagan amach a ndéanfaí faireachán orthu laistigh den Seimeastar Eorpach; tugadh le fios freisin go raibh an Coimisiún ar fáil chun tacú leis na Ballstáit feadh an phróisis. Rinneadh plé leantach ar na treoirphrionsabail sa Choiste Fostaíochta agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta an 29 Meitheamh 2021. Mhol an Coimisiún luachanna ionsamhlaithe féideartha chun leagan amach na spriocanna náisiúnta a threorú lena léireofaí na prionsabail sin agus a bheadh comhsheasmhach le huaillmhian an Aontais agus lena gcothófaí cóineasú aníos i measc na mBallstát. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile ar an leibhéal náisiúnta chun tiomantas comhroinnte i dtreo an chuspóra thábhachtaigh sin a bhaint amach.

4. Idir Meán Fómhair 2021 agus mí na Bealtaine 2022, ghlac na Ballstáit uile páirt sa phróiseas trína marana a dhéanamh ar a gcuid spriocanna náisiúnta féin agus, den chuid is mó, trí dhul i mbun comhairliúchán inmheánach le páirtithe leasmhara éagsúla. Anuas air sin, ag cruinnithe déthaobhacha a bhí acu leis an gCoimisiún, pléadh tograí darbh aidhm tuairimí a roinnt maidir le leibhéal réalachais agus uaillmhian na mBallstát mar aon le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla féideartha. An 8 Márta agus an 4 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún an staid mar atá maidir leis an bpróiseas agus leis na tograí le haghaidh spriocanna náisiúnta a fuarthas faoi bhráid an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta agus, de bhun Airteagail 150 agus 160 CFAE, d'iarr sé ar na Coistí an Tuairim seo a ullmhú d'fhonn an Chomhairle a chur ar an eolas, maidir lena bhfuil beartaithe ina gCláir Oibre do 2022 faoi seach.

**Barúlacha cothrománacha**

5. Ba mhór ag na Coistí an tacaíocht a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach agus go háirithe an dlúthchomhar a bunaíodh le linn na gcruinnithe déthaobhacha. Thuairiscigh roinnt de na Ballstáit gur chuidigh an malartú sin leo a gcuid moltaí tosaigh a mhionchoigeartú, rud a chabhraigh leo spriocanna réalaíocha ach uaillmhianacha a leagan amach (lena n-áirítear trí athbhreithnithe aníos i gcásanna áirithe).

6. Ba dhíol sásaimh don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta na próisis chomhairliúcháin a reáchtáil na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta agus a dtograí le haghaidh spriocanna náisiúnta á gceapadh acu. Go háirithe, dhearbhaigh roinnt de na toscaireachtaí go raibh na parlaimintí náisiúnta, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla agus lucht léinn rannpháirteach sa phróiseas agus go bhfuair siad uathu tuairimí cuiditheacha. I gcorrchás, vótáil na parlaimintí náisiúnta ar na spriocanna náisiúnta atá beartaithe.

7. Sa chomhthéacs sin, cé gur thacaigh rannpháirtíocht leordhóthanach na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta le húinéireacht fhorleathan agus spriocanna náisiúnta á leagan amach go luath in 2022, bhí an-chuid ama ag baint leis freisin mar gheall ar thábhacht pholaitiúil ard an phróisis.

8. Chuir roinnt de na Ballstáit i dtreis gur forbraíodh na spriocanna náisiúnta i gcomhthéacs socheacnamaíoch nach bhféadfadh a chur san áireamh go fóill an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag fogha na Rúise faoin Úcráin ar rioscaí san Aontas maidir leis an bhfostaíocht, leis an bhfoghlaim aosach agus leis an mbochtaineacht nó leis an eisiamh sóisialta, agus gur cheart an méid sin a chur san áireamh agus faireachán á dhéanamh ar dhul chun cinn.

**Sprioc na fostaíochta**

9. Tá spriocanna fostaíochta náisiúnta do 2030 á gcur chun cinn ag gach Ballstát, trí bhíthin an táscaire a úsáidtear do phríomhsprioc an Aontais do 2030 (ráta fostaíochta, idir 20 agus 64 bliana d’aois).

10. Ar an iomlán, léiríonn na spriocanna fostaíochta a chuir na Ballstáit chun cinn leibhéal an-mhaith uaillmhéine; leag formhór na mBallstát amach spriocanna atá ag teacht le sprioc an Aontais (78 % faoi 2030) nó os a chionn. Aithnítear leis sin a thábhachtaí atá sé margaí saothair láidre cuimsitheacha a chothú sna 10 mbliana amach romhainn, agus tacú le rannpháirtíocht na ndaoine sin uile atá in ann dul i mbun oibre. Thairis sin, shocraigh na Ballstáit sin ag a bhfuil rátaí fostaíochta tosaigh ísle spriocanna níos uaillmhianaí, agus a marana déanta acu ar a seasamh tosaigh, rud atá tábhachtach chun an cóineasú aníos a áirithiú sna 10 mbliana romhainn.

11. I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tá spriocanna comhlántacha leagtha amach ag roinnt de na Ballstáit chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, an soláthar foirmiúil oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú agus sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna a laghdú.

**Sprioc scileanna**

12. Tá spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfoghlaim aosach leagtha amach ag gach Ballstát do 2030, trí bhíthin an táscaire a úsáidtear do phríomhsprioc an Aontais do 2030 (rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas, gan oiliúint a bhaineann le treoir ar láthair an phoist a chur san áireamh). Ba ábhar imní ag roinnt de na Ballstát go bhféadfadh an t-easpa sonraí úra maidir leis an táscaire a bheith in easnamh, ag áitiú go bhféadfadh sé sin údar a thabhairt d'athbhreithniú a dhéanamh amach anseo ar na spriocanna náisiúnta a luaithe a bheidh luachanna nua ar fáil[1].

13. I dtaca le leibhéal uaillmhianach phríomhsprioc an Aontais maidir leis an bhfoghlaim aosach, roghnaigh roinnt de na Ballstáit cur chuige faichilleach i dtaobh a gcuid spriocanna náisiúnta a leagan amach. Mar sin féin, léirigh a bhformhór ardleibhéal uaillmhéine chun a rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú. B'amhlaidh an scéal go háirithe i gcás an-chuid de na tíortha sin a thosaigh ó leibhéil níos ísle, rud a thacaíonn, dá bhrí sin, le cóineasú aníos san Aontas. Aithnítear sa tiomantas a léirigh na Ballstáit maidir leis an sprioc scileanna nach mór rannpháirtíocht iomlán a áirithiú inár sochaithe agus inár ngeilleagair i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh mar aon leis na forbairtí déimeagrafacha atá tuartha do na 10 mbliana amach romhainn.

14. Chun an sprioc scileanna a chomhlánú, leag roinnt de na Ballstáit spriocanna comhlántacha amach, go háirithe chun na scileanna digiteacha a mhéadú agus chun luathfhágáil na scoile a laghdú.

---

**1** Tá na príomhluachanna táscaire is déanaí do Scórchlár Sóisialta 2016 *le fáil ar líne* bainte as Suirbhé speisialta ar an Oideachas Aosach, gan oiliúint a bhaineann le treoir ar láthair an phoist a chur san áireamh. Beidh luachanna nua ar fáil in 2023, tar éis an aistrithe chuig Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair, mar fhoinse nua sonraí in 2022.

## Sprioc maidir le laghdú na bochtaineachta

15. Maidir le laghdú na bochtaineachta, tá gach Ballstát tar éis spriocanna náisiúnta a chur chun cinn do 2030. Chuir beagnach gach Ballstát in iúl go raibh siad ag baint úsáid as an táscaire is bunús le príomhsprioc 2030 an Aontais (líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, AROPE). Tá spriocanna leagtha amach ag dhá Bhallstát ag baint úsáid as an bhfotháscaire AROPE, eadhon dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh a bhfuil déine oibre an-íseal i gceist; meastar go leagfaidh Ballstát amháin amach an sprioc i dtéarmaí pointí céatadáin seachas líon na ndaoine agus táthar ag feitheamh ar dhearbhú ón mBallstát eile. I gcás na mBallstát nach bhfuil na spriocanna deiridh leagtha amach acu mar laghdú ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, ní féidir an rannchuidiú le príomhsprioc an Aontais a ríomh *ex ante* (cé go rannchuideoidh sé *ex post*).

16. Ar an iomlán, léiríonn na tograí le haghaidh spriocanna náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta leibhéal an-mhaith uaillmhéine agus meastar go dtiocfaidh siad gar do sprioc an Aontais – laghdú 15 mhilliún, ar a laghad, a chur ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta faoi 2030, cé nach bhféadfaí na haighneachtaí uile a chur san áireamh ag an gcéim seo. Léiríonn an toradh sealadach sin go bhfuil na Ballstáit meáite i gcónaí do rioscaí bochtaineachta san Aontas a laghdú trí ghníomhaíocht éifeachtach. Thairis sin, leag na Ballstáit sin ag a bhfuil leibhéil bochtaineachta tosaigh arda nó eisiaimh shóisialta spriocanna uaillmhianacha amach, agus a marana déanta acu ar a seasamh tosaigh, rud atá tábhachtach chun an cóineasú aníos a áirithiú sna 10 mbliana romhainn.

17. Leag formhór na mBallstát sprioc chomhlántach amach freisin, eadhon líon na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú, rud a léiríonn a ábhartha atá sé aghaidh a thabhairt ar sheachadadh idirghlúine na bochtaineachta sa chomhthéacs náisiúnta.

## Conclúidí

18. Is ionann spriocanna náisiúnta 2030 agus rannchuidiú na mBallstát le príomhspriocanna an Aontais a mhol an Coimisiún agus ar díol sásaimh do cheannairí an Aontais iad ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Is díol sásaimh do na Coistí gur thíolaic gach Ballstát na réamhthograí nó tograí deiridh le haghaidh spriocanna náisiúnta.

19. Cuireadh an próiseas i gcrích d'fhonn spriocanna uaillmhianacha ach réadúla a shainiú a chuideoidh le dul chun cinn a stiúradh i réimsí na fostaíochta agus na sochaí agus leis an gcóineasú sóisialta aníos a chothú san Aontas, agus aird chuí á tabhairt ar na seasaimh tosaigh faoi seach sna Ballstáit. Dá réir sin, is díol sásaimh do EMCO agus SPC go sáraíonn na spriocanna fostaíochta náisiúnta le chéile uaillmhianta phríomhsprioc chomhfhreagrach an Aontais agus go dtagann líon na spriocanna maidir le laghdú na bochtaineachta (agus a mheastar a sharófar ar deireadh thiar thall) leis an bpríomhsprioc, agus ag an am céanna, tugann siad dá n-aire go bhfuil na spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfoghlaim aosach beagán gann le hais phríomhsprioc an Aontais.

Iarrann na Coistí ar na Ballstáit eile a dtograí deiridh a thíolacadh, lena bhféadfaí spriocanna comhlántacha a áireamh, a luaithe is féidir ionas go mbeidh sraith iomlán spriocanna náisiúnta réidh le faireachán a dhéanamh orthu ag tosú le timthriall Sheimeastar Eorpach 2022-23. Dá réir sin, iarrann an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta freisin ar an gCoimisiún na spriocanna náisiúnta arna leagan amach ag na Ballstáit a chur san áireamh agus tús a chur le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ina dtreo sin sa Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear tríd an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Beidh sé tábhachtach leanúint den idirphlé rialta atá bunaithe idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit le linn an fhaireacháin ar dhul chun cinn spriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta.